Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

2024 2025 2026

# Tuarascáil Feidhmíochta Bhliantúil

www.audit.gov.ie/ga/

# An Clár Ábhar

## I

### Príomhéachtaí 2025

3 Príomhéachtaí

## II

### An Brollach

4 Teachtaireachtaí ó Seamus Mac Cárthaigh agus Colette Drinan

## III

### Cuspóirí straitéiseacha

5 Réamhrá
6 Cuspóirí straitéiseacha

## IV

### Sonraí tábhachtacha

8 An méid a chuirimid ar fáil
9 An tionchar a bhíonn againn
10 Feidhmíocht airgeadais
11 Acmhainní a chur ar fáil
12 Acmhainneacht a fhorbairt

## V


### Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí

13 Cuntais atá faoi réir iniúchadh
14 An líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích
15 Tráthúlacht an deimhnithe iniúchóireachta
16 Scrúduithe
17 Aonad anailísíochta sonraí
18 Cáilíocht a chinntiú
19 Slándáil agus comhlíonadh
20 Tionchar ár gcuid oibre a thomhas
22 Suirbhé aiseolais na gcomhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh
23 Léargais iniúchóireachta
24 Ár rannchuidiú idirnáisiúnta
26 Feidhmíocht airgeadais
27 Ár bhfoireann
28 Leibhéil foirne
29 Seirbhísí ar conradh
30 Áit oibre iontach
32 Gradaim aitheantais d'fhostaithe
33 Cothromaíocht inscne
34 Acmhainneacht a fhorbairt
36 Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú
37 Cearta an duine agus comhionannas
38 Freagracht chorparáideach agus rannpháirtíocht

# Príomhéachtaí 2025


## Cuntais dheimhnithe

Deimhníodh 97% de na cuntais a bhí le hiniúchadh in 2025, nuair a tomhaiseadh iad de réir luacha, laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais (sprioc 95%)




## Scrúduithe

Cuireadh 29 scrúdú i gcrích maidir le gnéithe de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí (sprioc 25)




## Eisiúint chreidmheasa

Freagraíodh 100% de na hiarrataí ón Aire Airgeadais maidir le soláthar agus creidmheasanna ráithiúla chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Státchiste sular thosaigh an tréimhse chreidmheasa

100%

## Moltaí

Rinneadh 43 moladh a bhí dírithe ar dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú, agus ghlac an comhlacht ar a ndearnadh iniúchadh le 95% de na moltaí sin

43

## Tuairim iniúchóireachta

Eisíodh tuairim iniúchóireachta shoiléir in 95% de na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2025



# An Brollach



## Seamus Mac Cárthaigh

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá an-áthas orm fáiltiú roimh fhoilsiú thuarascáil feidhmíochta 2025 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ba í seo an bhliain dheireanach a clúdaíodh le plean straitéiseach 2021-2025 na hOifige, lenar spreagadh tréimhse de fhás láidir san eagraíocht. Trí thacú lena pearsanra, trí phléle páirtithe leasmhara a fheabhsú agus trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i bpróisis dearbhaithe cáilíochta le cúig bliana anuas, chinntigh an Oifig go bhfuil sí in áit mhaith fós chun seirbhísí iniúchóireachta éifeachtacha de chaighdeán ard a sholáthar do chomhlachtaí poiblí. Mar a shonraítear ina Ráiteas Straitéise 2026-2030, tá an Oifig tiomanta do leanúint le béim leanúnach a leagan ar sheirbhísí iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta ar ardchaighdeán agus gairmiúla a sholáthar agus difear a dhéanamh do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh, don Oireachtas agus don phobal. Féachfaimid lenár bpróisis iniúchóireachta a fheabhsú a thuilleadh agus lenár n-éifeachtúlacht a fheabhsú trí ghlacadh le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus trí phróiseas iniúchóireachta níos saincheaptha a chur i bhfeidhm maidir le hiniúchtaí áirithe.

Léirítear sa tuarascáil seo go leanann lucht bainistíochta agus foireann na hOifige de sheirbhísí iniúchóireachta tráthúla agus éifeachtacha a sholáthar atá neamhspleách, oibiachtúil agus cuiditheach. Agus an méid sin á dhéanamh acu, creidim gur rannchuidigh siad le maoirseacht a dhéanamh ar acmhainní poiblí, agus le bonn taca a chur faoin muinín i gcomhlachtaí poiblí.

Ba mhian liom aitheantas a thabhairt dofhoireann na hOifige agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht leanúnach agus a dtiomantas a chuireann ar mo chumas mo chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.



## Colette Drinan

**An Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta**

Le 2025 cuireadh deireadh le plean straitéiseach cúig bliana na hOifige do 2021-2025. Ba é aidhm na straitéise ár soláthar seirbhísí iniúchóireachta ar ardchaighdeán a threisiú, ár bhfócas ar dhifríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchóireacht orthu a athnuachan agus ár n-eagraíocht a neartú. Baineadh na haidhmeanna sin amach trí roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go rathúil, as ar eascair seachadadh níos tráthúla, próisis fhorbartha dearbhaithe cáilíochta, rannpháirtíocht fheabhsaithe le comhlachtaí iniúchta agus aitheantas seachtrach dár gcultúr láidir eagraíochtúil.

I measc na bpríomhéachtaí don bhliain 2025 tá:

- Maidir le cuntais 2024, deimhníodh 97% (de réir láimhdeachais); 69% (de réir lín) laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais
- Cuireadh 29 tuarascáil iniúchóireachta ar fheidhmíocht i gcrích inar pléadh le gnéithe de sheirbhís phoiblí a sholáthar agus acmhainní poiblí a úsáid
- D'aithin Great Place to Work muid mar cheann de na hÁiteanna Oibre is Fearr in Éirinn, le haghaidh gnóthaí meánmhéide, i dteannta le gradam speisialta a bhronnadh orainn as cultúr ár n-eagraíochta
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar Fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI
- Leathnú leanúnach ar an úsáid a bhainimid as anailísíocht sonraí agus teicneolaíochtaí nua eile chun ár n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú
- Deimhniú a fháil faoi ISO/IEC 27001:2022 arna nuashonrú maidir le slándáil ár ríomhchóras agus ár nósanna imeachta láimhseála faisnéise
- Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh ar ár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach.


Is é tiomantas, gairmiúlacht agus nuálaíocht ár ndaoine is cúis leis na héachtaí sin – go raibh maith agaibh go léir.

Táimid ag tnúth le feabhsú go leanúnach mar eagraíocht, agus táimid ag díriú anois ar straitéis 2026-2030.

# Réamhrá

Léirítear faisnéis feidhmíochta thábhachtach d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa tuarascáil seo.

Léirítear sa tuarascáil an fheidhmíocht in 2025 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, faoi **sé théama** agus meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla á n-úsáid.



# Cuspóirí straitéiseacha

Ba í an bhliain seo an bhliain inar cuireadh clabhsúr le cur i bhfeidhm **Ráiteas Straitéise 2021-2025**.

Chuireamar tosaíochtaí straitéiseacha i gcrích, neartaíomar cumais eagraíochtúla agus chuireamar in oiriúint do dhálaí athraitheacha iad.

Cuireann na torthaí seo ar chumas na hOifige bogadh isteach sa chéad chéim cúig bliana eile dár bhfás straitéiseach.

## Gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme amhail an 31 Nollaig 2025

**91%**

**Seirbhísí iniúchóireacht a gairmiúla** d'ardchaighdeán a sholáthar

**86%**

**Difríocht a dhéanamh** do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchóireacht

**98%**

Ár n-eagraíocht **a neartú**

Gníomhaíochtaí nár baineadh amach, cuireadh san áireamh iad i gcomhthéacs fhorbairt Ráiteas Straitéise 2026-2030 dár gcuid.

# Ráiteas Straitéise 2026-2030

D'fhoilsigh an Oifig Ráiteas Straitéise nua ina n-aithnítear dhá thosaíocht straitéiseacha don tréimhse 2026-2030.

## Tosaíochtaí

**1**

Seirbhísí iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar

**2**

Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchóireacht orthu, an tOireachtas agus an pobal

Tá na tosaíochtaí sin tacaithe ag **ceithre chumasóir straitéiseacha**, a léiríonn an obair thrasghearrthach a dhéanfar ar fud na hOifige chun tacú leis na tosaíochtaí agus chun an eagraíocht a neartú.


## Cumasóirí straitéiseacha

- Ár bhfoireann
- Ár bpróisis
- Ár gcaidrimh
- Ár dteicneolaíocht

# An méid a chuirimid ar fáil

## Cuntais dheimhnithe

Deimhníodh 97% de na cuntais a bhí le hiniúchadh in 2025, nuair a tomhaiseadh iad de réir luacha, laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais (sprioc 95%)





## Iniúchtaí Curtha i gCrích

284 iniúchadh ar ráitis airgeadais curtha i gcrích (sprioc 289)




## Scrúduithe

Cuireadh 29 scrúdú i gcrích ag déileáil le gnéithe a bhaineann le soláthar seirbhíse poiblí agus le húsáid acmhainní poiblí (sprioc 25)




## Iarrataí ar chreidmheas

Freagraíodh 100% de na hiarrataí ón Aire Airgeadais maidir le soláthar agus creidmheasanna ráithiúla chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Státchiste sular thosaigh an tréimhse chreidmheasa




## Coiste na gCuntas Poiblí

D'fhreastalaíomar ar an 23 cruinniú uile de chuid Choiste na gCuntas Poiblí Cuntais



# An tionchar a bhíonn againn

## Tuairim iniúchóireachta

95%

Eisíodh tuairim iniúchóireachta shoiléir in **95% de na ráitis airgeadais** a deimhníodh in 2025

## Ábhair thábhachtacha

6

Tarraingíodh aird ar **6 ábhar thábhachtacha maidir** le cuntais comhlachtaí poiblí a thuiscint

## Ábhair eile

129

Tarraingíodh aird ar **129 ábhar eile** a measadh a bheith tábhachtach d'úsáideoirí na gcuntas

## Comhfhreagras tar éis iniúchadh

1,143

Tarraingíodh anuas **1,143 ábhar** ar gá aird a thabhairt orthu le lucht bainistíochta na gcomhlachtaí a ndearnadh iniúchóireacht orthu i gcomhfhreagras iar-iniúchta

## Moltaí

95%


Rinneadh **43 moladh** dírithe ar dhea-chleachtas a chinntiú agus feidhmíocht fheabhsaithe, ar ghlac an comhlacht a ndearnadh iniúchadh air le **95% díobh ina n-**iomláine

## Cáilíocht

100%


Rinneadh **na hiniúchtaí airgeadais agus na scrúduithe uile** i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta

# Ár bhfeidhmíocht airgeadais




## Costas an Chláir

Seachadadh an clár iniúchta agus scrúduithe ar chostas iomlán de €18.4 milliún (2024: €16.8 milliún)




## Táillí iniúchta

Bailíodh €8.7 milliún i dtáillí iniúchóireachta i gcomhréir le cur chuige um ghnóthú páirteach costas (2024: €8.6 milliún)

## Daoine

**2025**

- Meánlíon 196 bhall foirne (CL)
- Costas tuarastail €15.2 milliún

**2024**

- 183 ball foirne (CL) ar an meán
- Costas tuarastail €14.1 milliún

# Acmhainní a chur ar fáil

Is príomhacmhainn eagrúcháin iad an fhoireann. Leagtar amach sna sonraí seo a leanas acmhainní do 2025, lena gcumhdaítear cáilíochtaí foirne, cothromaíocht inscne agus ráta neamhláithreachta breoiteachta.




## 64%

Cuntasóirí cáilithe ab ea 64% den fhoireann a sannadh d'iniúchadh airgeadais agus bhí an chuid eile cáilithe go páirteach (is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí uile a sannadh d'iniúchtaí airgeadais)

## 48/52

Ba é 48:52 an chothromaíocht inscne idir fostaithe baineanna agus fireanna. Ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta ba é 56/44 an cóimheas



## 2%

Ba é 2% an meánráta neamhláithreachta breoiteachta i measc na foirne



# Acmhainneacht a fhorbairt

## Oiliúint

**26,216 uair an chloig & 7%**

**Díríodh 26,216 uair an chloig**
Ar chúrsaí oiliúna, ar staidéar gairmiúil agus ar oiliúint do chéimithe arbh ionann iad agus 7% den am **a bhí ar fáil**

## Céimithe

**€326K caite**

Caitheadh **€326K** ag tacú le staidéar iarchéime agus gairmiúil,
le hoiliúint forbartha leanúnaí agus
le táillí ballraíochta gairmiúla

## Forbairt ghairmiúil

**67 ball foirne**

Bhí **67 ball foirne** i mbun chuntasaíocht ghairmiúil nó staidéar iarchéime

## Scrúduithe

**9 mball foirne**

Rinne **9 mball foirne** a scrúduithe deiridh agus cháiligh siad mar chuntasóirí gairmiúla

# Faisnéis Bhreise agus príomhthreochtaí

Soláthraítear faisnéis sna codanna seo a leanas maidir le seachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais.

**Cuntais atá faoi réir iniúchadh**

Socraítear le dlí na cuntais a bheidh le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagar, Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Digitiú. Léiríonn an grafach líon na gcuntas a bhí faoi réir iniúchadh in 2025. Tá faisnéis faoi iniúchtaí nua agus iniúchtaí ar cuireadh deireadh leo le fáil ar ár suíomh gréasáin.

**An clár a chur ar fáil**

Tá iniúchadh ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach i bhfeidhm maidir le cistí poiblí a úsáid.




# An líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích

**Léiríonn an léaráid an líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích gach bliain.**

I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile, is é an comhlacht nó roinn rialtais ábhartha a bheidh freagrach as na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Oireachtais nó as na cuntais a fhoilsiú.





**284**
**an líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích in 2025**
(lena n-áirítear **4 iniúchadh** ón mbliain airgeadais roimhe sin)

# Tráthúlacht an deimhnithe iniúchóireachta

**Tomhaistear príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige i ndáil le tráthúlacht na hiniúchóireachta trí thagairt a dhéanamh do luach an láimhdeachais, agus don líon cuntas atá i gceist.**


Is é deireadh an naoú mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais an príomhdháta tagartha don Oifig. Le blianta beaga anuas, leagadh síos sprioc 95% de réir luacha agus 70% de réir lín maidir le comhlíonadh iniúchtaí. Chun tráthúlacht na hiniúchóireachta ina hiomláine a fheabhsú, tugadh tosaíocht do chuntais ardluacha a dheimhniú níos luaithe.

**Iniúchtaí deimhnithe de réir luacha**





* In 2025, is é is cúis leis an gcéatadán níos airde ná comhchruinniú méadaithe láimhdeachais i líon beag cuntas, go príomha na Coimisinéirí Ioncaim agus Airgeadas, mar gheall ar cháin chorparáide

**Iniúchtaí deimhnithe de réir lín**





# Cuntais neamhdheimhnithe

Léiríonn an léaráid thuas líon na n-iniúchtaí atá fós le cur i gcrích ag deireadh gach bliana (cuntais neamhdheimhnithe). Tháinig méadú beag ar líon na gcuntas neamhdheimhnithe ag deireadh 2021 mar gheall ar an bpaindéim, i gcomparáid leis na blianta roimhe. Ag deireadh 2025, tá seacht n-iniúchadh le haghaidh tréimhsí airgeadais dar críoch 2024 fós le deimhniú.



## Próifíl na ndréachtchuntas a fuarthas agus a deimhníodh in 2024




*Dréachtchuntas míosa faighte nó deimhnithe*


**Léiríonn an léaráid thuas próifíl dhréachtchuntais 2024 a cuireadh isteach lena n-iniúchadh in 2025 i gcomparáid le próifíl na gcuntas sin a deimhníodh in 2025.**

Ní mór do chomhlachtaí san earnáil phoiblí dréachtchuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta dhá mhí nó trí mhí tar éis dheireadh a dtréimhse cuntasaíochta. Faightear tromlach na ndréachtchuntas faoin 31 Márta gach bliain dá thoradh sin. Chun éifeachtúlacht a cuid acmhainní a uasmhéadú, scaipeann an Oifig na hiniúchtaí i gcaitheamh na bliana. Tugtar tosaíocht do chuntais ardluacha. Mar gheall air sin, bíonn buaicphointí ó thaobh deimhnithe de ag an bpointe sé mhí agus ag an bpointe naoi mí, tráth nach mór na vótaí uile a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Oireachtais. Tá na hiniúchtaí eile curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana.

# Scrúduithe

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tuairiscíonn sé do Dháil Éireann maidir le hábhair a bhaineann le hacmhainní poiblí a bhainistiú agus a úsáid. Bíonn tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina mbonn do chuid mhór d'obair Choiste na gCuntas Poiblí.

## Líon na dtuarascálacha sínithe



# Aonad anailísíochta sonraí

Tá an t-aonad Anailísíochta Sonraí ina dhlúthchuid d’iarrachtaí na hOifige éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí agus cumais nua. Trí thionscnaimh agus uathoibriú na hIntleachta Saorga a ghiaráil, tá sé mar aidhm ag an Oifig feidhmíocht a fheabhsú agus próisis a chuíchóiriú.

**Táirgiúlacht a mhéadú**

Éifeachtúlachtaí a spreagadh trí uathoibriú, go háirithe maidir le méideanna móra sonraí a láimhseáil.

**Cur le léargais**

Léargais nua a chruthú trí shonraí agus mianadóireacht le haghaidh patrún agus aimhrialtachtaí a nascadh le chéile.

**Cáilíocht a fheabhsú**

Comhsheasmhacht a fheabhsú, earráidí a sheachaint agus tástálacha a dhéanamh ar thacair mhóra nó chasta sonraí i gcás nach mbeadh cur chuige de láimh indéanta.

**€ Cainníocht na n-idirbheart a ndearnadh anailís orthu le linn na tréimhse 2023 - 2025**

**2025** — **Luach €75 billiún d’idirbhearta a ndearnadh anailís orthu**

**2024** — Luach €40 billiún d’idirbhearta a ndearnadh anailís orthu

**2023** — Luach €38 billiún d’idirbhearta a ndearnadh anailís orthu

### Bhí an méid seo a leanas i measc na bpríomhéachtaí le haghaidh 2025

- Bhí 53 tionscadal aonair san iomlán á mbainistiú ag an aonad Anailísíochta Sonraí roinnte ar fud na hOifige ó iniúchadh airgeadais, iniúchadh feidhmíochta agus seirbhísí corparáideacha. Is éard a bhí i gceist leis sin sonraí airgeadais, méadrachtaí deimhniúcháin agus faisnéis ábhartha eile a léirshamhlú agus a anailísiú, rud a chuir ar chumas na foirne agus na bainistíochta araon léargas a fháil, patrúin a shainaithint agus cinntí sonraíbhunaithe a dhéanamh.
- Cuireadh uirlisí i bhfeidhm chun an próiseas um athbhreithniú ar ráitis airgeadais a uathoibriú, chomh maith le fíorú agus comhréiteach, d'fhonn comhsheasmhacht agus cruinneas a chinntiú.
- Cuireadh seisiúin oiliúna agus ceardlanna ar fáil d’fhoirne iniúchóireachta maidir le hanailísíocht sonraí agus cleachtais bainistithe sonraí.
- Bhí rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach leis na hUasfhorais Iniúchóireachta (UFI) ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa maidir le príomhtheicnící anailíseacha sonraí.

### Tionscnamh na hIntleachta Saorga

Is é is cuspóir dó leas a bhaint as buntáistí IS agus an uathoibrithe trí uirlisí a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus cinnteoireacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí próisis a shainaithint atá oiriúnach d’anailís le cúnamh na hIntleachta Saorga, amhail asbhaint téacs, sainaithint riosca agus uathoibriú sreafa oibre. Reáchtálfaimid treoirthionscadail trí úsáid a bhaint as uirlisí IS roghnaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus chun treoirthionscadail rathúla a chur i bhfeidhm ar fud feidhmeanna níos leithne.

### Tionscnamh um ascnamh sonraí

Cuireadh de chúram ar an aonad Anailísíochta Sonraí anailís a dhéanamh ar idirbhearta airgeadais do chliant iniúchóireachta ar aistríodh a gcuid córas cuntasaíochta oidhreachta chuig Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (CCBA). Bhí €40.12 billiún san iomlán i gceist leis an iarmhéid foriomlán a aistríodh ar fud an dá chóras. Baineadh sonraí in incrimintí agus atógadh iad ina dhiaidh sin. Bhí foireann na hAnailísíochta Sonraí in ann an limistéar gnó ceart a shannadh do gach iarmhéid agus na sonraí go léir a réiteach idir an dá chóras. Thug sé sin dearbhú d’fhoirne iniúchóireachta go raibh na hidirbhearta uile don tréimhse faoi athbhreithniú sa chóras nua.

# Cáilíocht a chinntiú

**Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal:**

**1**
Cáilíocht a leabú laistigh dár gcultúr agus dár gcleachtais ó lá go lá.

**2**
Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú de réir na gceachtanna atá le foghlaim.

**Tá beartais agus próisis i bhfeidhm againn maidir le hearcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach, cóid iompair, agus athbhreithnithe oibríochtúla ar obair iniúchóireachta airgeadais agus tuarascálacha sula bhfoilsítear iad.**

Cuimsítear lenár gcóras rialaithe cáilíochta maidir le hiniúchtaí airgeadais bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear athbhreithnithe ar an méid seo a leanas:

- iniúchtaí roghnaithe i gcaitheamh an iniúchta ag bainisteoir sinsearach neamhspleách ar an bhfoireann
- na hiniúchtaí uile a dhéanann gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh dheimhniú, agus
- sampla d'iniúchtaí tar éis dóibh a bheith deimhnithe ag athbhreithneoir seachtrach gach bliain.

Cuimsítear lenár gcóras rialaithe cáilíochta maidir le scrúduithe bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear

- athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe i gcaitheamh an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach neamhspleách ar an bhfoireann roimh dheimhniú,
- athbhreithnithe tar éis tionscadail agus ceardlanna foirne bliantúla; agus
- athbhreithniú tréimhsiúil ar shampla de na tuarascálacha ag athbhreithneoir seachtrach.

Athbhreithniú bainistíochta agus nósanna imeachta imréitigh iniúchóireachta/ tuairiscithe

Próisis cháilíochta neamhspleácha roimh an iniúchadh/tuairisciú agus ina dhiaidh le béim ar cheachtanna a fhoghlaim

Próiseas iniúchta agus scrúduithe lena n-áirítear fianaise dhoiciméadaithe

Creat caighdeán idirnáisiúnta cód eiticiúil agus treoirlínte inmheánacha

Foireann ghairmiúil a fheidhmíonn breithiúnas agus sceipteachas i gcónaí

# Slándáil agus comhlíonadh



**Forléargas ar thionscnaimh 2025 maidir le slándáil sonraí, cibearshlándáil agus deimhniú.**

## Deimhniú ISO 27001

Le linn 2025, d'éirigh leis an Oifig dhá iniúchadh faireachais a chur i gcrích agus lean sí dá deimhniú faoi chaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 27001 Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise. Cinntear leis an gcaighdeán sin go gcomhlíonann nósanna imeachta slándála agus láimhseáil faisnéise na hOifige ceanglais na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le faisnéis a chosaint. Soláthraíonn comhlíonadh chaighdeán ISO/IEC 27001 an bunús go dtacaíonn ár gcórais faisnéise le riachtanais na Treorach um Chórais Líonra agus Faisnéise.

## Bearta cibearshlándála

Cuireann an fhoireann Measúnú Inniúlachta um Fheasacht Slándála i gcrích agus cuidíonn na torthaí leis na réimsí fócais a leagan síos le haghaidh oiliúint chibearshlándála. Cuireadh oiliúint maidir le húsáid an idirlín, feasacht ar an gcibearshlándáil, tuairisciú teagmhas, úsáid na meán sóisialta, pasfhocail agus fíordheimhniú agus slándáil ríomhphoist ar fáil do gach ball foirne trí sholáthraí seachtrach ar bhonn sceidealaithe le linn 2025.

Rinneadh cleachtadh fioscaireachta i mí Iúil 2025 le hoiliúint leantach do gach ball foirne. Rinneadh measúnuithe rialta leochaileachta agus tástáil slándála chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí, chomh maith le nuashonrú tráthúil ar ár gcórais. Thug an Oifig prótacal isteach maidir le conas déileáil le cibirionsaí ar chórais comhlachta a ndearnadh iniúchadh air. Rinne ár nOifigeach Cibearshlándála cur i láthair ar ábhair na cibearshlándála agus na cosanta sonraí do gach ball foirne ag ár gcomhdháil bhliantúil.

## Slándáil sonraí

Le haghaidh 2025, lean an Oifig dár mbearta slándála sonraí a neartú trí mheascán de mhonatóireacht leanúnach agus d'oiliúint bhreise. Thionóil Fóram na hOifige um Shlándáil Faisnéise ceithre chruinniú ráithiúla le linn na bliana le tuairisciú ábhartha don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord Bainistíochta. Rinne Fóram na hOifige um Shlándáil Faisnéise athbhreithniú agus nuashonrú ar ár mbeartais cosanta sonraí i rith na bliana chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin ábhartha. D'eisigh ár n-aonad Comhlíontachta agus Dearbhaithe meabhrúcháin ceithre ríomhphost ráithiúla do gach ball foirne le leideanna chun teagmhais slándála agus sáruithe sonraí a sheachaint. Foilsíodh ailt inlín mhíosúla le ceachtanna a foghlaimíodh ó theagmhais thuairiscithe, conas iad a sheachaint agus conas iad a thuairisciú. Cuireadh oiliúint ionduchtaithe i bpearsa maidir le slándáil sonraí ar fáil go hinmheánach do gach iontrálaí nua in 2025, agus cuireadh oiliúint leantach ar fáil laistigh de na trí mhí ina dhiaidh sin. Chuir an Oifig oiliúint ionduchtúcháin ar chosaint sonraí agus ar fheasacht slándála ar fáil freisin do gach iontrálaí nua trí sholáthraí seachtrach in 2025.

# Tionchar ár gcuid oibre a thomhas

### Torthaí iniúchtaí airgeadais

Tá dhá phríomhfhócas ag iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais.

1. cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais,

2. rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart arna dtaifeadadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachas na gcomhlachtaí poiblí, arna dtuairisciú ar bhonn 'eisceachta'.

## Tuairim iniúchóireachta cháilithe

Fuair 7 sraith de ráitis airgeadais (2.5% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2025 tuairim cháilithe.

| Pinsean | | Iomlán |
|---|---|---|
| 7 | | 7 |

## Béim a leagan ar ábhar

Fuair 6 shraith de ráitis airgeadais a deimhníodh in 2025 tuarascáil iniúchóireachta ina raibh míreanna maidir le béim ar ábhar.

| Gnóthas leantach | Eile | Iomlán |
|---|---|---|
| 2 | 4 | 6 |

## Ábhair shuntasacha eile


129 ábhar suntasach eile a luadh i dtuarascálacha iniúchóireachta.

| Catagóir | Líon |
|---|---|
| Neamhchomhlíonadh soláthair | 36 |
| Saincheisteanna cuntasaíochta eile | 24 |
| Tagairt tuarascála | 21 |
| Rialuithe laga | 23 |
| Caiteachas neamhéifeachtach | 11 |
| Cuibheas/ rialachas | 7 |
| Cánachas/fíneálacha/ caillteanas | 7 |
| Iomlán | 129 |

## Tionchar na moltaí de bhun scrúduithe


Bíonn moltaí sonracha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht níos fearr sna tuarascálacha, mar aon le freagraí ón gcomhlacht ar a ndearnadh iniúchadh.

### Líon na moltaí a foilsíodh




## Ábhair imní a cuireadh in iúl do lucht bainistíochta

Chomh maith le tuarascálacha foilsithe, baintear luach breise as iniúchadh le comhfhreagras tar éis iniúchta a bhíonn dírithe ar chuidiú le comhlachtaí a rialú inmheánach agus a mbainistíocht a fheabhsú trí thorthaí, moltaí, agus deiseanna feabhais a chur in iúl.




Léiríonn an chairt thuas na cineálacha saincheisteanna a pléadh le comhlachtaí maidir leis na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2025. Go ginearálta, baineann na hábhair dá dtagraítear sa chomhfhreagras le heasnaimh i nósanna imeachta, agus mura dtabharfar aghaidh ar na heasnaimh sin d'fhéadfadh na comhlachtaí a bheith i mbaol caillteanais, tuairisciú airgeadais míchruinn, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta iomchuí nó noirm rialachais don tseirbhís phoiblí.

# Suirbhé aiseolais na gcomhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh

Gach re bliain, iarrtar ar chomhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh suirbhé aiseolais a chomhlánú. **Is iad seo torthaí an tsuirbhé is déanaí a cuireadh i gcrích i ráithe 1 de 2025.**

Léirigh na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh go raibh cumarsáid shoiléir ann i rith an phróisis iniúchóireachta agus go raibh sreabhadh maith cumarsáide idir na hiniúchóirí agus an comhlacht ar a ndearnadh iniúchadh.

Thug na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh chun suntais go raibh an fhoireann iniúchóireachta an-dearfach, rud a thugann le tuiscint go bhfuil siad freagrúil, cabhrach, agus cairdiúil maidir leis an socrú oibre comhoibríoch.

**95%**

Cuireann siad luach 'ard' nó 'an-ard' ar an obair iniúchta airgeadais a rinneadh

**93%**

de na freagróirí, rinne siad cur síos ar an gcaidreamh oibre mar cuiditheach nó an-chuiditheach

Fuarthas moltaí úsáideacha i ndáil le tráthúlacht iniúchóireachta, acmhainní a chur ar fáil le haghaidh iarrataí agus ceisteanna maidir le faisnéis iniúchóireachta agus na hiarrataí agus na ceisteanna sin a bhainistiú.

Thug freagróirí le fios go ndearnadh na hiniúchtaí ar bhealach éifeachtúil ar fud gnéithe éagsúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach leis an gcomhlacht ar a ndearnadh iniúchadh, agus iarratas tráthúil ar fhaisnéis.

**86%**

de na freagróirí, mheas siad go raibh ár dteagmháil le coistí iniúchóireachta úsáideach go ginearálta nó an-úsáideach

# Léargais iniúchóireachta

Is é is cúis leis na léargais iniúchóireachta deiseanna foghlama do chomhlachtaí a aithint agus a chomhroinnt trí fhaisnéis a sholáthar maidir le saincheisteanna coiteanna athfhillteacha agus samplaí de dhea-chleachtas, arna n-aithint lenár n-iniúchadh airgeadais agus ár n-obair tuairiscithe.

## An tAonad Léargas Iniúchóireachta

Foilsíonn an tAonad Léargas Iniúchóireachta tuarascálacha lena gcuimsítear moltaí úsáideacha nó samplaí de dhea-chleachtas, a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, agus tacaíonn sé le himeachtaí dóibh siúd atá páirteach i riarachán poiblí ina gcuirtear léargais in iúl maidir le dea-chleachtas ó áiteanna ar fud na hearnála poiblí. Cumhdaítear topaicí sna himeachtaí ábhair amhail dea-chleachtais bainistíochta airgeadais agus rialachas.

.

## Ábhair iarrtha

Mar chuid den aiseolas ó na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh, d’iarramar go molfar topaicí

- Tuairisciú comhshaoil, sóisialta agus rialachais
- Saincheisteanna coiteanna iniúchóireachta
- Dea-chleachtas
- An Intleacht Shaorga agus teicneolaíochtaí digiteacha

## Inbhuanaitheacht chorparáideach

Foilsíodh nóta treorach maidir le Faisnéis Airgeadais Mhaith a Sholáthar agus nóta athbhreithnithe maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

## Imeachtaí

Rinneadh cur i láthair ag roinnt imeachtaí lena n-áirítear Comhdháil Earnála Poiblí na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus imeacht dearbhaithe an NSSO.

# Ár rannchuidiú idirnáisiúnta

Leagtar amach sa chuid seo a leanas rannchuidiú idirnáisiúnta in 2025, rud a chuireann béim ar chomhoibriú le heagraíochtaí seachtracha agus rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta.

INTOSAI

Rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta roghnaithe, maidir le hiniúchóireacht phoiblí, san Eoraip agus ar fud an domhain, lena n-áirítear cathaoirleacht Fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI agus comhaltas i bhFochoiste um Iniúchóireacht Airgeadais agus Cuntasaíochta INTOSAI.

Comhalta den Choiste Teagmhála. Tá an Coiste Teagmhála comhdhéanta de Chinn Uasfhorais Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Leanamar de bheith ar an gCoiste Comhairleach um Meastóireacht agus Iniúchóireacht den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) go dtí mí an Mheithimh 2025. Sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta atá ann chun tacú le taidhleoireacht agus comhar in earnáil an aeriompair.

European Stability Mechanism
esm

Ceapachán chuig Bord Iniúchóirí an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (SCE) i mí an Mheithimh 2025. Is eagraíocht idir-rialtasach é an SEC a bhfuil sé mar aidhm aige cur ar chumas tíortha an limistéir euro géarchéimeanna airgeadais a sheachaint agus a shárú agus cobhsaíocht agus rathúnas airgeadais fadtéarmach a choinneáil.

Glacadh rannpháirtíocht i roinnt meithleacha agus tionscnamh de chuid EUROSAI, amhail an Mheitheal um Iniúchóireacht Comhshaoil agus an Clár Malartaithe um Fhaisnéis Tagarmharcála. Tá EUROSAI ar cheann de na seacht gcomhlacht réigiúnacha de chuid INTOSAI.

Public Audit Forum

Breathnóir ar an bhFóram Iniúchóireachta Poiblí. Cruinnítear le chéile leis an bhFóram Iniúchóireachta Poiblí eagraíochtaí iniúchóireachta poiblí uile na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun díriú ar smaointeoireacht forbartha i ndáil le hiniúchóireacht phoiblí.

# Ár rannchuidiú idirnáisiúnta

## Fochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta (PAS) de chuid INTOSAI




Is é an Fochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta pobal saineolaithe INTOSAI ar iniúchóireacht feidhmíochta na hearnála poiblí. Ina ról mar Chathaoirleach ar an bhFochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta, rannchuidíonn an Oifig le forbairt na gcaighdeán agus na dtreoirlínte idirnáisiúnta iniúchóireachta feidhmíochta a úsáideann sí chun iniúchtaí feidhmíochta a dhéanamh.

Bhí an cruinniú ar siúl thar thréimhse dhá lá agus rinne an Oifig cathaoirleacht air. Pléadh roinnt ábhair thábhachtacha le linn an chruinnithe, lena n-áirítear plean oibre PAS atá le teacht. Ina theannta sin, cuireadh nuashonruithe ar fáil ar chúig thionscnamh plean forbartha straitéisí INTOSAI. Tacaíodh le téama na comhroinnte eolais trí chuir i láthair agus plé a bhain le claochlú iniúchóireachta feidhmíochta.

## Fochoiste Iniúchta Airgeadais agus Cuntasaíochta (FAAS)

Is breathnóir í an Oifig ar INTOSAI FAAS, ar fochoiste de chuid INTOSAI é atá dírithe go príomha ar fhorbairt caighdeán gairmiúil idirnáisiúnta ardchaighdeáin agus aitheanta go forleathan le haghaidh iniúchóireachta san earnáil phoiblí.

Mar chuid dá ballraíocht de FAAS, bhí an Oifig i gceannas ar mheitheal a rinne anailís ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta nua maidir le hIniúchóireacht d’eintitis nach bhfuil chomh casta chun a chinneadh conas a d’fhéadfaí é a chur i bhfeidhm san earnáil phoiblí. Chruthódh cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin éifeachtúlachtaí san iniúchadh ar eintitis bheaga.

# Feidhmíocht airgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais, éilítear ar gach roinn agus oifig cuntas a réiteach, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, lena dtuairiscítear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann. Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

| Costais airgeadais | 2021 (€000) | 2022 (€000) | 2023 (€000) | 2024 (€000) | 2025 (€000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Costais oibríochtúla iomlána | 14,548 | 15,874 | 16,640 | 16,842 | 18,439 |
| Costais foirne | 12,105 | 13,077 | 13,629 | 14,144 | 15,216 |
| Speansais taistil | 7 | 116 | 193 | 248 | 296 |
| Iniúchtaí ar conradh | 1,067 | 1,069* | 1,040 | 1,040 | 1,049 |
| Costais eile | 1,369 | 1,612* | 1,778 | 1,410 | 1,878 |
| Ioncam: Táillí iniúchta a bailíodh | 7,983 | 7,285 | 7,267 | 8,551 | 8,722 |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 339 | 380 | 467 | 477 | 498 |
| **Glanchostas don Státchiste** | **6,226** | **8,209** | **8,906** | **7,814** | **9,219** |

Is ionann costais phárolla agus 83% de chostas bliantúil na hOifige. Cinneann an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin na rátaí pá.

Déantar iniúchtaí airgeadais áirithe a sheachfhoinsiú

Gearrtar táillí iniúchóireachta i ndáil le hiniúchtaí airgeadais áirithe tar éis an cuntas a dheimhniú.

* Rinneadh costais áirithe le haghaidh 2022 a athchatagóiriú i dTuarascáil Feidhmíochta 2023

# Ár bhFoireann

## Struchtúr Rialachais

**Tá sé de chumhacht ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gnó na hOifige a rialú. Cuidíonn Bord Iniúchóireachta agus Bord Bainistíochta leis an fhreagracht sin a chomhlíonadh. Is é an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig.**

Tá an Oifig eagraithe ina stiúrthóireachtaí a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta i gceannas orthu bunaithe ar chláir oibre iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán bunaithe ar earnálacha a oibríonn laistigh den tseirbhís phoiblí.

Is croíghnéithe de shocruithe rialachais chorparáidigh iad an Bord Iniúchóireachta agus an Bord Bainistíochta, a chomhaontaíonn an raon gnéithe eile agus, trína róil iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar bheartais, pleananna agus éifeachtúlacht na ngnéithe eile sin.

Cuireann Coiste Iniúchóireachta comhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na hábhair uile a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach agus féachann freisin le forbairt an dea-chleachtais, i dtaca le déanamh iniúchta inmheánaigh, bainistíocht riosca agus tuairisciú seachtrach, a chothú go ginearálta san Oifig. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire le linn 2025.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le creat rialachais na hOifige le fáil ar
[https://www.audit.gov.ie/ga/fúinn/](https://www.audit.gov.ie/ga/fúinn/)



**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste



**Andrew Harkness**
An Stiúrthóir Iniúchóireachta




**Colette Drinan**
An Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta

* Tá an tríú post mar Stiúrthóir Iniúchóireachta folamh faoi láthair agus tá comórtas earcaíochta ar siúl.

# Leibhéil foirne

Taispeántar sa tábla an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe gach bliain bunaithe ar choibhéis lánaimseartha (CL).

## An líon ball foirne




Baineann an difríocht idir an líon údaraithe agus an meánlíon a bhí fostaithe i ndáiríre gach bliain leis an aga moille idir dáta imeachta ball foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta de ghnáth. Léirítear leis an ráta athraithe foirne gach imeacht ball foirne sa bhliain mar chion den mheánlíon a bhí fostaithe.

| % Líon foirne | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | **2025** |
|---|---|---|---|---|---|
| | 91% | 92% | 93% | 91% | **96%** |

| % Ráta athraithe foirne i rith na bliana | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | **2025** |
|---|---|---|---|---|---|
| | 9% | 5% | 15% | 8% | **9%** |

## An líon coibhéiseach ball foirne d'acmhainní eile a fostaíodh

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne a fuarthas ar conradh | 7 | 3 | 1 | 3 | 1 |
| Iniúchtaí ar conradh | 10 | 8 | 8 | 8 | 8 |

# Seirbhísí ar conradh

Seachfhoinsíonn an Oifig iniúchtaí airgeadais roghnaithe chun cuid den bhuaic i ndáil leis an éileamh ar iniúchadh a chomhlíonadh agus deimhniú tráthúil ráiteas airgeadais a éascú.

Tá comhaontú ann le ceardchumainn na mball foirne chun obair iniúchóireachta a sheachfhoinsiú ar luacah ocht gcoibhéis fostaí lánaimseartha in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2021 go dtí 2025 ar an meán. Faightear gnólachtaí go hiomaíoch chun an obair sin a dhéanamh.



# Great Place to Work®

Bhaineamar amach an deimhniú Great Place to Work® den chúigiú bliain as a chéile in 2025 agus aithníodh muid ar liosta 2026 maidir le Ireland's Best Workplaces™ agus Best Workplaces for Health and Wellbeing™.

Bronnadh gradam speisialta orainn freisin as feabhas ar chultúr ag searmanas bronnta Great Place to Work i mí Feabhra 2025.

Tá an t-aitheantas seo bunaithe ar aiseolas díreach ó fhoireann na hOifige a cuireadh ar fáil mar chuid de shuirbhé fairsing agus gan ainm faoi thaithí san ionad oibre. Le torthaí an tsuirbhé cuirtear aiseolas luachmhar ar fáil maidir leis an gcaoi a mothaíonn daoine faoi bheith ag obair san Oifig.



# Great Place to Work®

Le torthaí shuirbhé Great Place to Work® faighimid aiseolas luachmhar maidir leis an gcaoi a mothaíonn daoine faoi bheith ag obair san Oifig. Cinntítear leis an aiseolas a fhaightear go leanaimid orainn ag díriú ar ár gcultúr a neartú i gcónaí.

## Torthaí Great Place to Work®

### Feabhsuithe Suntasacha

| | 2025 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Agus gach rud á chur san áireamh, déarfainn gur áit iontach oibre í seo | 85% | 81% | 80% |
| Bíonn daoine ag tnúth le teacht ag obair anseo | 76% | 70% | 70% |
| Coinníonn an lucht bainistíochta ar an eolas mé faoi shaincheisteanna agus athruithe tábhachtacha | 76% | 73% | 70% |

### Timpeallacht oibre

| | 2025 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Cuireann ár gcuid saoráidí le dea-thimpeallacht oibre | 80% | 80% | 81% |
| Tugtar na hacmhainní agus an trealamh dom chun mo phost a dhéanamh | 85% | 84% | 83% |
| Tá an t-ionad oibre seo ag obair chun a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú | 86% | 84% | 88% |

## Rannpháirteachas & cultúr

**86%**
'Nuair a théann tú isteach san eagraíocht, cuirtear fáilte romhat'
**2024 - 83%**

**89%**
'Is áit chairdiúil oibre í seo'
**2024 - 86%**

**90%**
'Bíonn bród orm a insint do dhaoine go n-oibrím anseo'
**2024 - 89%**

**81%**
'Is féidir liom a bheith ar mo nós féin anseo'
**2024 - 80%**

**90%**
'Is cúis bhróid dom an méid a bhainimid amach'
**2024 - 84%**

## Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht

Caitear go cóir le daoine anseo beag beann ar an méid seo a leanas:

**94%**
**Cine**
(2024 - 95%)

**97%**
**Gnéaschlaonadh**
(2024 - 97%)

**90%**
**Aois**
(2024 - 94%)

**91%**
**Inscne**
(2024 - 95%)

# Gradaim aitheantais d'fhostaithe

Tá beartas ag an Oifig maidir le haitheantas d'fhostaithe chun timpeallacht a chothú ina mothódh an fhoireann ar fad go bhfuil meas orthu as a gcuid rannchuidithe; ina spreagfaí agus ina gcuirfí chun cinn iompar lena léireofaí ár gcroíluachanna agus ina dtabharfaí cuidiú chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach; ina spreagfaí, ina n-aithneofaí agus ina gcúiteofaí iompar den scoth agus ina ndéanfaí ceiliúradh ar ár gcuid ratha; agus ina gcuirfí le timpeallacht oibre thairbheach fhiúntach.

Áirítear sa bheartas dhá bhealach ar féidir leis an bhfoireann aitheantas foirmiúil a fháil as a gcuid gnóthachtálacha, an Rolla Onóra agus gradaim RÉALT.




## Gradaim RÉALT

Díríonn clár na ngradam RÉALT ar aitheantas tráthúil ábhartha follasach a thabhairt as iompar agus feidhmíocht shuntasach lena léirítear go comhsheasmhach ár gcroíluachanna. Is gnách go mbaineann duais neamhairgeadaíochta leis na gradaim sin, chomh maith le mír chomhghairdis ar Inlíon na hOifige lena dtugtar eolas maidir leis an dóigh ar tuilleadh an gradam. **In 2025, bronnadh gradaim RÉALT ar 22 duine agus ar 4 fhoireann.**

## Rolla onóra

Is éard atá sa Rolla Onóra spás ar inlíon na hOifige atá tiomnaithe d'aitheantas a thabhairt dár bhfoireann as a gcuid éachtaí acadúla. **In 2025, thugamar aitheantas do bhaill foirne a rinne scrúduithe cuntasaíochta gairmiúla, teastas san iniúchadh feidhmíochta, scrúduithe teicneoirí cánach agus modúil sa chúrsa Gaeilge gairmiúil de chuid Theastas Eorpach na Gaeilge.**



# Cothromaíocht inscne

**Léiríonn an graf an miondealú de réir inscne ar gach príomhghrád san Oifig amhail an 4 Meitheamh 2026*. Tugtar gach ardú céime tar éis próiseas iomaíoch.**


Íoctar gach ball foirne, beag beann ar inscne, de réir scálaí tuarastail incriminteacha le haghaidh gach gráid. Ní thugtar aon íocaíocht bhónais. Má tá aon bhearna phá ann idir na hinscní, baineann sí leis na difríochtaí idir gráid agus fad seirbhíse gach fostaí.

Ar an meán, ar fud na ngrád uile sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 4 Meitheamh 2025, íocadh 1.0% níos mó in aghaidh na huaire conraithe le fostaithe baineanna le hais fostaithe fireanna (sa tréimhse 12 mhí go dtí an 6 Meitheamh 2025, íocadh 2.0% níos mó le fostaithe baineanna). Difríocht bheag staitistiúil atá ansin agus tá sé dearfach i gcomparáid leis na figiúirí is déanaí ó Eurostat maidir leis an mbearna phá idir na hinscní, lenar tuairiscíodh go bhfuair mná íocaíocht a bhí 11.1% níos lú ná an íocaíocht a fuair fir.

Amhail an 4 Meitheamh 2026, bhí 7% de na fostaithe baineanna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe. Bhí 2% de na fostaithe fireanna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe.



**"Ar an iomlán** tá **cóimheas 48:52** **fostaithe baineanna** is **fostaithe fireanna** ann amhail an 4 Meitheamh 2026. Ar **Leibhéal an Bhoird Bainistíochta**, is é an cóimheas **fostaithe baineanna** is **fostaithe fireanna** atá ann ná **56:44**"




** Úsáideadh an dáta léargais an 4 Meitheamh 2025 chun ceanglais maidir le tuairisciú faoi Rialacháin 2024 maidir leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní) (Leasú), a chomhlíonadh.*

# Acmhainneacht a fhorbairt

**Is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí uile ar iniúchtaí airgeadais – tá foirne iniúchóireachta comhdhéanta de chuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí faoi oiliúint.**



### Olayinka Akinkuolie

Tháinig mé chuig an Oifig ar an 9 Aibreán 2018, mar Iniúchóir faoi Oiliúint agus 3 scrúdú ACCA fós le déanamh agam le cáilíocht a bhaint amach mar Chuntasóir Cairte. Fuair mé pas i mo scrúdú deiridh i mí Mheán Fómhair 2020 ar an tríú hiarracht agam. Bhí ról lárnach ag an Oifig chun rath a bhaint amach ach tacaíocht airgeadais agus mhorálta a thabhairt dom. Tugadh tacaíocht airgeadais dom i dtaobh na dtáillí scrúdaithe agus teagaisc a chlúdach. Nuair a tháinig dúshlán romham agus mé ag iarraidh pas a fháil sa pháipéar deiridh, chlúdaigh an Oifig an costas a bhí ar sheisiún athbhreithnithe. Thug na comhghleacaithe de mo chuid a raibh a gcuid scrúduithe críochnaithe acu tacaíocht ollmhór dom.
Ar mo bhallraíocht in ACCA a bhaint amach dom, fuair mé ardú céime chuig post mar Iniúchóir i mí an Mheithimh 2021. Bíonn an Oifig ag tacú le mo chuid forbartha i gcónaí trí chúrsaí éagsúla a chur ar fáil. Mar shampla, le linn na bliana 2025, thug an Oifig cúnamh dom chun scileanna gairmiúla breise a fhorbairt sna réimsí a bhaineann le scríbhneoireacht, cur i láthair, pleanáil agus eagrú.




### Ciara O'Neill

Tháinig mé chuig an Oifig i mí na Bealtaine 2024 mar Iniúchóir faoi Oiliúint tar éis dom mo chéim máistir san Airgeadas Corparáideach a chur i gcrích. Tar éis dom sé eisceacht ACCA a fháil i rith mo chuid staidéir, agus an Oifig aitheanta mar Fhostóir Faofa ACCA, chinn mé go dtabharfainn faoi cháilíocht ACCA le linn dom a bheith ag tosú ar mo shlí bheatha ghairmiúil leis an Oifig. Cuireann an Oifig tacaíocht den scoth ar fáil d'oiliúnaithe atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí gairmiúla. Bhí socruithe solúbtha oibre, saoire staidéir íoctha agus treoir ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu thar a bheith luachmhar dom i dtaobh cuidiú liom a gceart a thabhairt don obair lánaimseartha agus mo chuid scrúduithe san am céanna. Bhí an meascán de thaithí phraiticiúil iniúchóireachta agus de thacaíocht láidir leis an staidéar, ina chuidiú dom dul chun cinn a dhéanamh go seasta i rith mo cháilíochta. I láthair na huaire, tá 11 scrúdú ACCA as na 13 cinn curtha i gcrích agam agus táim ag súil le mo cháilíocht a bhaint amach in 2026.

Ceapadh ár mbeartais agus nósanna imeachta pearsanra chun a áirithiú go mbíonn foireann leordhóthanach againn, daoine ag a bhfuil an cumas, an inniúlacht agus an tiomantas i dtaca le prionsabail eitice, atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus iniúchtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla. Tugtar tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí sa chuntasaíocht ghairmiúil. Anuas air sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha. Tá sonraí na ngníomhaíochtaí sin leagtha amach sa ghraf thíos.

## Am a thugtar don fhoghlaim agus don fhorbairt



# Baill foirne nua

In 2025, chuireamar fáilte roimh 25 ball foirne nua isteach san Oifig.

**2025**
25 ball foirne nua

**2024**
22 ball foirne nua

**2023**
6 bhall foirne nua

**2022**
30 ball foirne nua

**2021**
11 bhall foirne nua

> **“Tugtar tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí sa chuntasaíocht ghairmiúil.**

## Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann

In 2025, lean an Oifig ar aghaidh lena comhar le Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann. Chuireamar fáilte roimh thriúr teicneoirí cuntasaíochta nua ar chlár printíseachta dhá bhliain lena dtugtar an obair agus an staidéar le chéile.

## Mic léinn ó Ollscoil Luimnigh agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Is tionscnaimh iad Clár Oideachais Chomhoibríoch Ollscoil Luimnigh agus Clár Socrúcháin Oibre Choláiste Náisiúnta na hÉireann a dtugaimid tacaíocht dóibh agus a mbainimid tairbhe astu.

Tagann roinnt mac léinn chuig an Oifig go ceann tréimhse 8-12 mhí. Tugann sé sin an deis do na mic léinn taithí luachmhar a fháil ar an obair in ionad oibre éagsúil dinimiciúil, fad a chuirtear lena gcuid iarrachtaí acadúla. Leis an léargas a fhaightear ar an obair san ionad oibre, cabhraítear leo an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá mar chuid dá gcuid staidéir céime a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

In 2025, ghlacamar le naonúr mac léinn a d’oibrigh inár rannóg iniúchóireachta airgeadais, inár n-aonad cumarsáide, agus inár rannóg tuairiscithe.

# Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú

**Tá scileanna, buanna, smaointeoireacht éagsúil agus taithí dhearfach ag ár bhfoireann san Oifig. Inár ráiteas maidir le héagsúlacht, tugaimid gealltanas go gcothóimid timpeallacht oibre dhearfach, áit a dtuigfidh gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad páirteach. Tá ár Ráiteas maidir le hÉagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú le fáil ag www.audit.gov.ie/ga.**

Aithníonn ár Ráiteas Straitéise reatha ár gcuspóir leantach chun tacú le timpeallacht chuimsitheach ina mbainimid tairbhe as éagsúlacht ár ndaoine.

Feidhmímid faoi bheartais agus nósanna imeachta, lena gcuimsítear na ceanglais reachtacha uile a bhaineann le reachtaíocht maidir le comhionannas, míchumas agus cearta an duine, lena n-áirítear earcaíocht agus ardú céime. Aithnímid freisin tábhacht na hinrochtaineachta dóibh siúd ar mian leo rochtain a fháil ar ár suíomh gréasáin agus tá bogearraí inrochtaineachta againn a ligean do réimse níos leithne daoine ár gcuid ábhair a rochtain ar bhealach lena gcuirtear san áireamh a gcuid riachtanas aonair.

# Bród

**Bhunaigh ár bhfoireann grúpa Oifige d’fhostaithe LADTA+ agus cairde, darb ainm Bród, an focal Gaeilge ar uabhar nó mhórtas.**

Bunaíodh Bród chun tacaíocht a thabhairt dár gcomhghleacaithe LADTA+ agus cairde, agus chun cultúr méadaithe éagsúil na hOifige a chothú. Is é is aidhm dó cur le cultúr agus timpeallacht na hOifige ach cur le cláir folláine agus cuidithe fostaithe atá ann cheana agus a bheith páirteach le líonraí idirnáisiúnta agus náisiúnta, sibhialta agus poiblí, eile d’fhostaithe LADTA+. Tá caidreamh oibre comhoibríoch ag Bród le Spectrum (Líonra LADTA+ de Archwilio Cymru/Audit Wales). Leanann Bród d’imeachtaí a eagrú chun Bród agus an pobal LADTI+ a cheiliúradh.

# Cearta an duine agus comhionannas

**De réir ráiteas na hOifige maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú, tá gealltanas ann go gcothófar timpeallacht oibre dhearfach, áit a dtuigfidh gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad páirteach. Tá sé d'aidhm ag an Oifig atmaisféar comhionannais, dínite agus measa a chruthú don fhoireann ar fad agus timpeallacht gan aon leithcheal ar aon fhoras a chur chun cinn, lena n-áirítear cine, inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas agus a bheith mar chuid den Lucht Siúil.**

Díríonn ár gcuid iarrachtaí maidir le héagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú ar forbairt bhreise a dhéanamh i ndáil le cultúr a spreagtar na fostaithe uile chun a gcuid smaointe, buanna agus paisean a chomhroinnt. Bunaíodh roinnt beartas, nósanna imeachta, tionscnamh agus meithleacha agus fóram, tugadh isteach iad agus cuireadh chun feidhme iad i roinnt mhaith réimsí ar fud na hoifige chun cabhrú linn an gealltanas sin a chomhlíonadh.

Inár Ráiteas Straitéis 2021–2025, thugamar gealltanas foirmiúil measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh, mar fhostóir, na reachtaíochta maidir le cearta an duine. Mar chuid den ghealltanas sin, cuireadh meitheal um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bun. Rinne an mheitheal measúnú ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na hOifige. Mar chuid den mheasúnú sin, lorgaíodh ionchur ón bhfoireann ar fad san Oifig.

.

Chabhraigh an measúnú linn réimsí le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta a chur in ord tosaíochta, saincheisteanna féideartha maidir le cearta an duine agus comhionannas a d'fhéadfadh a bheith ag an Oifig i gcaitheamh ár gcuid oibre a shainaithint agus beartais agus tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana san Oifig a ailíniú le Dualgas na hEarnála Poiblí. Ullmhaíodh plean gníomhaíochta i ndiaidh an mheasúnaithe. Ba é an phríomhsprioc a bhí leis an bplean gníomhaíochta dul i ngleic le saincheisteanna féideartha i ndáil le cearta an duine agus comhionannas ach feasacht a mhéadú agus a chinntiú go raibh na struchtúir ábhartha i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann dá mbeadh gá leis sin. Mar chuid den phlean gníomhaíochta, d'eagraigh an mheitheal an méid seo a leanas le linn 2025:

- Seimineár gréasáin don fhoireann uile maidir leis an néara-éagsúlacht.
- Cuireadh cúrsaí ríomhfhoghlama ar líne, maidir le cearta an duine agus comhionannas agus dualgas na hearnála poiblí, chun cinn go gníomhach.
- I gcomhpháirt le Bród (ár ngrúpa d'fhostaithe LADTA+ agus cairde), agus le Club Sóisialta na hOifige, d'óstálamar imeacht biongó Bróid don fhoireann.
- Cuireadh san áireamh píosaí faisnéise le haghaidh na foirne maidir le beartais, nósanna imeachta, tionscnaimh, meithleacha agus fóraim a bunaíodh, a chabhróidh leo i dtaobh saincheisteanna, maidir le cearta an duine agus comhionannas, a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a gcuid oibre.

Tá measúnú agus plean gníomhaíochta na hOifige maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ar fáil ar **www.audit.gov.ie**.

# Freagrachtaí corparáideacha agus rannpháirtíocht

## Gníomhú ar son na haeráide

Tá treochlár forbartha ag an Oifig lena dtugtar breac-chuntas ar a straitéisí chun a cuid spriocanna riachtanacha, i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, a bhaint amach agus chun gníomhaíochtaí, a cheanglaítear faoin Sainordú don Earnáil Phoiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, a chur chun feidhme. Tugtar breac-chuntas leis an treochlár ar na gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag an Oifig go dtí seo agus leagtar amach an bealach a bhfuilimid ag iarraidh ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá cóip den treochlár le fáil **anseo.**


## Laghdú ar Astaíochtaí

Ceanglaítear ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí feabhas 50% a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú 51% ar astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (neamh-leictreachas) agus laghdú 51% ar iomlán foriomlán na n-astaíochtaí faoi 2030.


Faoi dheireadh 2025, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Oifig i ndáil le comhlíonadh na spriocanna sin. Is as córas téimh na hoifige a thagann astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (neamh-leictreachas). Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a chuireann spás oifige ar fáil don Oifig agus oibríonn an Oifig i gcomhar le OPW chun na hastaíochtaí sin a laghdú níos mó.

| | Sprioclaghdú | Laghdú iarbhír |
|---|---|---|
| Éifeachtúlacht fuinnimh | 50% | 72% |
| Astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (neamh-leictreachas) | 51% | 19% |
| Iomlán foriomlán na n-astaíochtaí | 51% | 61% |

### Sprioc maidir le $CO_2$ ó fhuinneamh (seachas leictreachas)




### Sprioc $CO_2$ Iomlán



## Rannpháirtíocht na foirne

Bhunaigh an Oifig Foireann Ghlas mar a cheanglaítear faoin Sainordú don Earnáil Phoiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide chun inbhuanaitheacht san Oifig a spreagadh. Chruthaigh an Oifig meitheal foirne maidir le gníomhú ar son na haeráide freisin, arb é an ról atá aici feasacht maidir leis an gcomhshaol a mhéadú agus tionscnaimh coigilteach ar fhuinneamh a chur chun cinn. Faigheann an fhoireann míreanna rialta ón inlíon agus ríomhphoist lena gcuirtear béim ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus leideanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Tugann an Oifig tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gach bliain, ina mbíonn miondealú ar an taisteal gnó arna thabhú sa bhliain féilire de réir cineál iompair. Tabhaíonn an fhoireann taisteal gnó intíre go rialta agus iad ag freastal ar oifigí comhlachtaí poiblí le haghaidh gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Déanann baill foirne taisteal idirnáisiúnta anois agus arís le haghaidh gníomhaíocht a bhaineann leis an obair.

## Taisteal gnó

In 2025, chomhlíon an Oifig Ciorclán 01/2020: Nósanna imeachta chun astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. Rinne an Oifig amach luach a cuid astaíochtaí ó aerthaisteal oifigiúil a rinneadh sa bhliain agus d'íoc an méid sin leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

## Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Rinne an Oifig na gníomhaíochtaí seo a leanas in 2025 i dtaobh shaothrú spriocanna na hOifige i ndáil le gníomhú ar son na haeráide

- glacadh páirt leanúnach i gclár luathaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ina raibh ceardlann don fhoireann uile
- coinníodh ar bun an treoir ón rialtas maidir le socruithe teochta laghdaithe agus tréimhsí téimh giorraithe i bhfoirgnimh na hearnála poiblí
- cláraíodh leis an bhfeachtas "Toradh do Leanaí", ar tionscnamh é a thacaíonn le sé charthanacht náisiúnta do leanaí. Is é sprioc an tionscnaimh ná bruscar measctha san oifig a laghdú, agus fáltais na scéime éarlaise agus aisíoca á dtabhairt don charthanacht.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Thosaigh feidhm Scéim Gaeilge na hOifige, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i mí an Mhárta 2018 agus tá sé le fáil ar www.audit.gov.ie. De réir mar a léirítear i bhforálacha an Achta, ceanglaítear leis an scéim foilsiú comhuaineach doiciméad áirithe i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an Oifig tiomanta d'fhoilsiú na spriocdhoiciméad ar fad go comhuaineach.

In 2025, foilsíodh gach foilseachán corparáideach ar díríodh air faoin scéim go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

De thoradh an achair ama reachtúil dhocht nach mór na hiniúchtaí ar chuntais leithreasa a dhéanamh laistigh de, bhí sé dúshlánach na cuntais deimhnithe agus aon tuarascáil maidir le hábhair a d'eascair as na hiniúchtaí sin a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga.

Bhí 43 as an 45 cuntas leithreasa le haghaidh 2024 a foilsíodh ar an 30 Meán Fómhair 2025 ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar an lá foilsithe céanna, agus bhí an 45 cuntas ar fad foilsithe i nGaeilge a luaithe a sholáthair na ranna ábhartha an dá leagan Gaeilge a bhí fágtha dúinn. Foilsíodh 8 gcinn as 27 caibidil i dTuarascáil 2024 ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí i nGaeilge ar an 30 Meán Fómhair 2025 agus foilsíodh na tuarascálacha Gaeilge uile faoin 14 Deireadh Fómhair 2025.

## Nochtuithe

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht maidir le nochtuithe cosanta.

Is féidir aon nochtadh maidir le haon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí as cistí poiblí agus acmhainní poiblí, nó a bhaineann le luach ar airgead i ndáil le heintitis a thagann faoina raon feidhme, a chur faoi bhráid na hOifige.

Is féidir treoir maidir leis an gcaoi chun nochtadh cosanta a dhéanamh a fháil ar ár suíomh gréasáin www.audit.gov.ie.

Is féidir Tuarascáil na hOifige maidir le nochtuithe cosanta don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 a fháil ar ár suíomh gréasáin **anseo.**

## Íocaíochtaí prasa

Cloíonn an Oifig leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Foilsítear ár dTuairisceáin Íocaíochta Praise ar ár suíomh gréasáin ar bhonn ráithiúil **anseo.**

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

www.audit.gov.ie/ga/